



# Doiciméad Comhairliúcháin – Grádú GCSE

## Leagan do Dhaoine Óga




Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

# Cad é atá i gceist?

Tá an rialtas i Sasana ag déanamh athruithe ar an dóigh a ndéantar grádú ar GCSEanna. Thiocfadh linn an rud céanna a dhéanamh anseo, ach ar dtús, ba mhaith linn do thuairimí faoi seo a fháil amach.

Faoi láthair, bíonn litreacha in úsáid faoi choinne gráid ag GCSE. Tá A* ag dul don ghrád is airde agus G don ghrád is ísle. Tugtar cáilíochtaí leibhéal 2 ar na gráid ó A* go C agus tugtar leibhéal 1 ar na gráid ó D go G.

# Athruithe i Sasana

Tá GCSEanna ar fáil ó roinnt eagraíochtaí éagsúla (tugtar boird scrúduithe nó forais cháiliúcháin orthu seo in amanna). Na boird scrúduithe atá lonnaithe i Sasana, tá siad ag tabhairt a gcuid GCSEanna suas chun dáta agus beidh uimhreacha in úsáid do na gráid sna GCSEanna nua. Beidh 9 ag dul don ghrád is airde agus beidh 1 ag dul don ghrád is ísle. Cáilíochtaí leibhéal 2 a bheas sna gráid ó 9 go 4 agus leibhéal 1 a bheas sna gráid ó 3 go 1. Beidh na GCSEanna nua seo acu á dtabhairt isteach thar thréimhse trí bliana ag tosú i Meán Fómhair 2015.

| | |
|---|---|
| 9 | Leibhéal 2 |
| 8 | |
| 7 | |
| 6 | |
| 5 | |
| 4 | |
| 3 | Leibhéal 1 |
| 2 | |
| 1 | |




Is féidir le scoileanna anseo GCSEanna ó bhoird scrúduithe atá lonnaithe i Sasana a úsáid. Is iad AQA, Eduqas, OCR agus Pearson na boird scrúduithe seo agus beidh siadsan ag úsáid uimhreacha leis na GCSEanna nuashonraithe seo acu a ghrádú. Tá an cinneadh sin déanta cheana féin, ach tá ár mbord scrúduithe féin againn a dtugtar CCEA air (Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe). Beidh sé ag tabhairt isteach a GCSEanna nuashonraithe ó Mheán Fómhair 2017 agus caithfidh muid a shocrú cé acu a thabhairt isteach faoi choinne na ngrád, litreacha nó uimhreacha.

**Roinnt fáthanna le hathrú go dtí uimhreacha**

- Bheadh na GCSEanna uilig ag úsáid na ngrád créanna, mar sin, bheadh seans níos lú ann go dtarlódh míthuiscint;
- Bheadh sé níos fusa torthaí a chur i gcomparáid le chéile; agus
- Bheadh 6 ghrád ann ag leibhéal 2 (9 go 4) i gcomparáid le 4 cinn (A* go C) mar atá faoi láthair

**Roinnt fáthanna le litreacha a choinneáil**

- Tá muid cleachta le litreacha a úsáid faoi choinne na ngrád;
- Bheadh sé níos fusa GCSEanna de chuid CCEA a idirdhealú ó na cinn a chuireann na boird scrúduithe i Sasana ar fáil; agus
- Ní bheadh ach 3 ghrád ann (3 go 1) a dtabharfadh deis do dhaoine ag leibhéal 1 a léiriú an méid atá bainte amach acu.

# An deis agatsa anois....

Cuimhnigh go mbeidh uimhreacha in úsáid ag na boird scrúduithe i Sasana leis na GCSEanna nuashonraithe a ghrádú.

Maidir le GCSEanna ó bhord scrúduithe CCEA thig linn:

- Fanacht le litreacha
- Athrú go huimhreacha




Ba mhaith linn fosta fáil amach an rachaidh na hathruithe i bhfeidhm ar ghrúpaí áirithe dar leat. Mar shampla

(a) buachaillí i gcomparáid le cailíní?

(b) daoine atá faoi mhíchumas i gcomparáid leo siúd nach bhfuil? nó

(c) daoine ó ghrúpa ciníoch éagsúil.



# An Dóigh le Freagairt



Comhlánaigh le do thoil an fhoirm fhreagartha ar líne atá le feiceáil ag **http://www.deni.gov.uk/general-certificate-of-secondary-education-grading-2**.

Más fearr leat, is féidir cóip chrua a sheoladh chuig:

An Roinn Oideachais
An Fhoireann Measúnaithe agus Cáilíochtaí
Teach Ráth Gael
Bóthar Balloo
Ráth Gael
Beannchor BT19 7PR



Ní mór freagairtí a bheith againn **Dé hAoine 19 Meitheamh 2015**.

# Leaganacha malartacha den tuairisc seo

Mura bhfuil an doiciméad seo i bhformáid a fhóireann do do chuid riachtanas, déan teagmháil le do thoil leis an Fhoireann Mheasúnaithe agus Cháilíochtaí. Beidh muid sásta glacadh le hiarratais ar bith do chóipeanna an doicimid seo i bhformáidí eile amhail cló mór, Braille, closfhormáid nó i dteangacha eile.

**Guthán:** **02891 279543**

**Ríomhphost:** **aqt@deni.gov.uk**

# Doicíméad Comhairliúcháin – Grádú GCSE

Leagan do Dhaoine Óga